

Ábhar

Sloinnte

Téacs Éisteachta

Siuán Ní Mhaonaigh ag caint faoina hainm.

Forbairt Bhreise

Sliocht as *Gura Slán le m'Óige*, Fionn Mac Cumhaill (Oifig an tSoláthair: 1967).

Le caoinchead ón nGúm.

Sliocht as ‘Beetles with no legs are deaf’: alt le Muireann Ní Mhóráin sa leabhar *Who Needs Irish?* (eag. Ciarán Mac Murchaidh, Veritas: 1994).

Le caoinchead ón údar.

Sliocht as alt le Ruairí Ó hEithir faoi ainmneacha i Ruanda (*Comhar*: Meán Fómhair 2009).

Le caoinchead ón údar agus ó *Comhar*.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Ainmneacha agus Sloinnte

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le Siuán Ní Mhaonaigh ag labhairt faoina hainm agus a sloinne. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cad atá ar eolas agat faoi ainmneacha agus sloinnte Gaelacha agus Gaeltachta?
- An mbaineann tusa úsáid as leagan Gaeilge de d'ainm sna ranganna Gaeilge? Cén fáth? An mbaineann tú úsáid as leagan Béarla ar ócáidí eile?
- Cad a cheapann tú den nós atá ann ainmneacha Gaeilge atá éagsúil óna n-ainmneacha féin a thabhairt ar pháistí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna nó ar choláistí samhraidh ('Sinéad' ar 'Jane', mar shampla)?
- Cén míniú a bheadh agat ar na focail seo: leasainm, ainm baiste, sloinne, ainm cleite, ainm dílis, ainm ceana?
- Cad iad na hainmneacha baiste is fearr a thaitníonn leat?

Tasc

Cad iad na hainmneacha baiste is coitianta in Éirinn? Déan taighde agus cuir liosta ar fáil. Féach ar shuíomh na Lároifige Staidrimh chun cabhrú leat (www.cso.ie).

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad í an phríomhtheachtaireacht atá sa mhír seo? Scríobh achoimre i gcúpla abairt.
- Cén t-eolas a thugann Siuán faoi na nithe seo a leanas sa mhír?

scoil
déaga
Séamus Ó Grianna
post i mBaile Átha Cliath
turas thar lear

- An raibh aon dúshláin tuisceana ag baint leis an mír seo? Má bhí, cad iad?

Feasacht Teanga

- ‘...Joan Mooney a **baisteadh** ormsa...?’
Cén ghné den bhriathar atá i gceist sa chló dubh thuas? Pléigh agus déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo:

It was said in the lecture yesterday.
Extra help will be provided.
That was done last week.
That handout was given out last week.

Déan iarracht abairtí eile a chumadh a mbeadh an dul céanna orthu.

- Cuir na frásaí seo a dúirt Siuán in abairtí a léireodh a mbrí.

slacht
de réir a chéile
féith an ghrinn
ag cur is ag cúiteamh
leoga
faoi bhráid
ag trácht

- ‘...agus anois mo ghlúinse...’

Conas a chuirfeá Béarla ar an bhfrása thuas?

Cén Ghaeilge a bheadh agat ar: *ancestors, the previous generation, relatives, distant relatives, my great-grandparents, my family.*

Iarobair

Plé

- An gcuireann an méid a dúirt Siuán iontas ort – go bhfuil sé comóna ainmneacha teaghlaigh i mBéarla a bheith ar dhaoine sa Ghaeltacht?
- Bunaithe ar an méid a thug Siuán le fios ina píosa cainte féin, an bhféadfá míniú a thabhairt ar an tslí seo inar thagair an bailitheoir béaloidis, Seosamh Ó Dálaigh, dá ainm:

‘Joe Daly a thugtar orm i nGaeilge agus Seosamh Ó Dálaigh a thugtar orm i mBéarla!’

- An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi nósanna maidir le hainmneacha agus sloinntí i dtíortha agus i dteangacha eile?

Tascanna

- Léigh an sliocht thíos a scríobh Muireann Ní Mhóráin in alt léi sa leabhar *Who Needs Irish?* agus pléigh an dearcadh maidir le cainteoirí Gaeilge agus ainmneacha Gaeilge atá á léiriú ann.

Muireann is ainm dom. There are many strange customs in Ireland and a particularly peculiar one is to respond to Irish names with the question ‘What’s that in English?’ I was recently listening to an RTÉ news item about a dolphin in the Shannon Estuary. The RTÉ newsreader informed listeners: ‘The dolphin’s name is Feichín which in English is Fergus’. Apart from the fact that the name Fergus and Feichín have nothing to do with each other, why would anyone share such information with us? How would people react if RTÉ started telling us that Kofi Annan, whose real name is Kevin Noone, made a statement today. Or how about asking the Italian Prime Minister, when he arrives in Dublin Airport during Ireland’s presidency of the European Union, if Silvio Berlusconi *really* is his name.

The *síneadh fada*, the accent in Irish, is found on a keyboard by holding down the Ctrl button and the Alt button when pressing a vowel. This is not a difficult action. It does not require any advanced knowledge of technology to execute but amazingly all workers in financial institutions and all medical administrators seem to have a specific learning disability in this area. They all suffer from *síneadh fada-exia* which renders them unable to put a *fada* on vowels. A common symptom of the disorder is to blame the computer.

By strange coincidence some of the same people also suffer from an inability to apply basic rules of the alphabet to the Irish language and can never figure out where a surname such as Ní Mhóráin should be placed in a list of names. The same symptom as above is often evident, i.e. blaming the computer. This is particularly strange when one remembers that there is an ‘O’ in a huge number of Irish surnames and computers and telephone directories seem to be unable to deal with them without bother.

So where does this leave the child with the Irish surname? The stock dialogue frequently goes something like this:

‘What’s your name?’

‘Míde Ní Chonchubhair.’

‘What’s that in English?’

‘There’s no English for it.’

‘How do you spell it?’

‘M...Í...D...’

‘Can’t find it on the computer. It must be under some other name.’

‘How could it be under another name?’

‘The computer doesn’t do Irish names. Are you sure that’s your name?’

‘Of course I’m sure that’s my name.’
‘Would it be under another name?’

On and on it goes...

- Anois léigh an sliocht gearr seo faoi ainmneacha i Ruanda a bheith á n-athrú ó Bhéarla go Fraincis agus pléigh an méid atá ann. Cad iad na cosúlachtaí atá ann leis an méid a dúirt Siuán?

Agus Ruanda tar éis cúl a thabhairt leis an bhFraincis agus aghaidh a thabhairt ar an mBéarla, tá fadhbanna ag teacht chun solais nach rabhthas ag súil leo. Ceann amháin ná ainmneacha daoine. Anseo tá dhá ainm ar gach duine, ceann Ruandach agus ceann Francach (agus ní ainm clainne aon cheann acu – roghnaítear dhá ainm do gach páiste agus ní bheadh aon ainm mar an gcéanna ag deartháireacha is deirfiúracha). Tá chuile dhuine chomh fiáin sin ag iarraidh dul i muinín an Bhéarla go bhfuil siad ag athrú a n-ainmneacha ón bhfoirm Fhrancach.

Do roinnt de mo chairde, níl aon fhadhb mhór ann – Jack in áit Jacques, Jane nó Jean in áit Jeanne, Irene in áit Irène, Anthony in áit Antoine (glaoimse ‘Tony’ air) agus mar sin de. Ach ó tharla gur tír an-chráifeach í Ruanda, léirítear seo sna hainmneacha. An mbeadh aon tuairim agaibh amuigh ansin cén Béarla a d’fhéadfaimis a chur ar mo chairde Jean de le Croix, Dieudonné, Déo Gratias, Protogène, Ildephonse, Médiatrice, Jean de Dieu, Illuminée agus Primitive? (*Comhar*: Meán Fómhair 2009).

- Déan taighde ar na nósanna maidir le hainmneacha agus sloinnte atá i dteanga nó i gcultúr de do rogha féin agus scríobh tuairisc ghearr ar an taighde sin.
- ‘...an chéad lá ar scoil i gCaisleán Óir agus nuair a scairteann an múinteoir amach a ainm i mBéarla, níl a fhios ag an ghasúr beag bocht cé air a bhfuil sé ag trácht nó go bhfuil sé ag caint leis féin...’

Léigh an sliocht as an leabhar *Gura Slán le m’Óige* le Fionn Mac Cumhaill, sliocht ina ndéantar cur síos ar an tslí inar athraíodh ainmneacha na bpáistí Gaeltachta go Béarla ar shroicheadh na scoile dóibh fadó.

Cad a shíleann tú den sliocht? An samhlófá go dtarlódh a leithéid inniu?

Téipscript

A Shiúán, tá dhá ainm ortsa – an bhféadfá a rá liom cad ina thaobh?

Tá an ceart agat. Joan Mooney a baisteadh ormsa cé gur rugadh agus gur tógadh i gceantar Gaeltachta mé. Agus ní rud mór é sin – tarlaíonn sé sin go minic i gceantar Gaeltachta, go ndéantar ainm Béarla a bhaisteadh ar dhaoine, agus gur fiú ainm an teaghlaigh, gur i mBéarla a bhíonn sé, agus níl mórán cuir agus cúitimh faoi. Ach ansin chuaigh mé chun na scoile agus is cuimhin liom chuir an mháistreás...chuir sí ceist orm an raibh Gaeilge agam ar Joan Mooney agus ní raibh mise ach ceithre bliana d'aois agus leoga ní mórán smaointiú ná machnaimh a bhí déanta agam faoi agus dúirt mé léi nach raibh. Agus chuaigh sí ansin ag cuardach i leabhar éigin agus tháinig sí ar ais agus dúirt sí 'Bhuel, ó seo amach, taobh istigh de gheataí na scoile, is Siuán Ní Mhaonaigh a bheidh ort'. So mar sin de, ar bhealach, Siuán Ní Mhaonaigh ar scoil agus Joan Mooney amuigh ansin sa phobal le mo mhuintir agus i measc mo chairde. Agus de réir mar a d'éirigh mé níos sine, an bhfuil a fhios agat, níor chuir mé an oiread sin sonrú ann, ar bhealach.

B'fhéidir sna déaga ansin, gur thosaigh mé ag smaointiú faoi rudaí mar seo agus bhí daoine ag rá liom 'Ní smaointeofá d'ainm a athrú?' nó a leithéid sin. Agus caithfidh mé a rá, ní raibh suim dá laghad agam ansin mar an dóigh ar amharc mise air ná rugadh sa Ghaeltacht mé, bhí mé iontach láidir mar...mar...agus tuigbheáil agam orm féin mar Ghaeilgeoir agus féiniúlacht an-láidir agam mar bhean Ghaeltachta agus níor shíl mé, i ndáiríre, go ndéanfadh píosa páipéir a raibh Siuán Ní Mhaonaigh scríofa air, go ndéanfadh sé an oiread sin difir ar bhealach. Mar sin de, chloígh mise le m'ainm sa chóras oideachais le Siuán Ní Mhaonaigh agus ansin áiteacha eile mar Joan Mooney. Agus tá sé cineál greannmhar, má bhreathnaíonn tú ar ais, an bhfuil a fhios agat, an cúlra atá leis seo ar fad, i ndáiríre, ná gur tharla sé gur athraíodh ainmneacha a bhí i nGaeilge...athraíodh go Béarla iad. Tá a fhios agam, má léann duine ar bith Séamas Mac Grianna, mar shampla, tá scéal aigesean fá dtaobh de...faoi Shéimí an chéad lá ar scoil i gCaisleán Óir agus nuair a scairteann an múinteoir amach a ainm i mBéarla, níl a fhios ag an ghasúr beag bocht cé air a bhfuil sé ag trácht nó go bhfuil sé ag caint leis féin. So mar sin de, tá sé cineál spésiúil, an bhfuil a fhios agat, gur athraíodh na hainmneacha seo a bhí i nGaeilge, gur athraíodh go Béarla iad, agus anois mo ghlúinse ar bhealach, go minic go mbíonn ainmneacha Béarla á n-úsáid i gceantair Ghaeltachta agus ansin nuair a théann tú ar scoil go ndéantar iad a aistriú go Gaeilge.

So mar sin, mar a deirim, níor chuir mise sonrú ar bith ann, bhí mé láidir go leor ó thaobh m'fhéiniúlachta féin de agus níor smaointigh mé faoi. Ach bhí sé cineál suimiúil ansin – fuair mé post anseo i mBaile Átha Cliath i ndiaidh dom an Ollscoil a fhágáil agus d'úsáid mé m'ainm i nGaeilge – Siuán Ní Mhaonaigh – agus is cuimhin liom i ndiaidh b'fhéidir sé seachtaine nó mar sin, bhí mé féin agus saoiسته na heagraíochta, an áit ina raibh mé ag obair inti, bhí muid ag dul thar lear chuig comhdháil. Agus níor smaoinigh mise faoi agus cuireadh na ticéid in áirithe

agus bhain muid aerfort Bhaile Átha Cliath amach agus suas go dtí an deasc linn agus cuireadh...chuir an saoiiste na ticéid faoi bhráid cibé duine...garda slándála nó cibé duine a bhí ansin agus dúirt siad ‘Ó bhuel, ní tusa an duine céanna ar chor ar bith. Níl ceangal ar bith idir Joan Mooney agus Siuán Ní Mhaonaigh’. Agus ansin smaointigh mé agus caithfidh mé a rá ...bhí náire an domhain orm. Smaointigh anois, ní raibh mise sa phost seo ach le cúpla seachtain agus b’éigean dom an scéal a mhíniú don saoiiste agus shíl seisean ar bhealach go raibh sé iontach greannmhar ach an garda slándála, an duine seo a raibh muid ag plé leis, ní raibh mórán...ní raibh féith an ghrinn róláidir sa duine áirithe sin agus bhí sé ag cur agus ag cúiteamh lena chomhghleacaithe. Ach sa deireadh scaoil siad isteach mé, rud a chuir iontas orm i ndáiríre, mar tá sé seo b’fhéidir...seo thart faoi chúig bliana déag ó shin agus ní tharlódh sé sin sa lá atá inniu ann agus cúrsaí slándála agus a leithéid sin. Mar sin de, thuig mé ag an phointe sin, an bhfuil a fhios agat, go raibh tábhacht ag baint le d’ainm a bheith...go mbeadh slacht ag baint leis na cáipéisí ar fad a bheadh agat agus go mbeadh siad de réir a chéile. *So* mar sin de, nuair a bhím ag dul thar lear anois déanaim cinnte agus m’ainm Béarla a úsáid – Joan Mooney in áit Siuán Ní Mhaonaigh.

Téacs

Trí scór páistí a tháinig chun na scoile an lá sin. Bhí an máistir ansin rompu, agus aoihb mharánta charthanach air. Bhí sé óg, mór, láidir agus a chlu agus a cháil ar fud na Rosann de bharr a fheabhais ag cleasa lúth. Bhí aithne shúl ag bunadh Bhailte Phádraig air, ach ní raibh aon duine acu ag caint leis riamh. Níorbh ionann an teanga a bhí acu. Ba de thógáil an bhaile mhóir an máistir, agus teanga an Bhéarla a bhí aige, mar bhí ag maithe na tíre agus ag an dream a bhí ag iarraidh aithris a dhéanamh orthu. Ní raibh meas ar Ghaeilge an tráth úd den tsaol, agus ba bheag le rá an té nach raibh aige ach Gaeilge. Bhí bábhún dímheasa idir an té a raibh Béarla aige agus an té nach raibh aige ach Gaeilge. Bhí séala an ghalántais ar an té a raibh Béarla aige, agus bhí meas ainbhiosáin ar an té nach raibh aige ach Gaeilge.

Ní raibh a dhóigh inmhaíte ar an mháistir an lá sin a foscladh teach scoile na gCnoc. Bhí trí scór páistí ansin agus aige le ainm agus sloinne gach duine acu a scríobh sa rolla mhór, agus gan Gaeilge aigesean agus gan Béarla ag na páistí. Bhain sé leath an lae as iomlán na n-ainmneacha a scríobh sa rolla, agus níl a fhios caidé mar rachadh an scéal murab é go raibh Gráinne Chaitlinne ann. Ba as an chomharsanacht Gráinne, í ina seanchailín a raibh crothán Béarla aici, agus aithne aici ar iomlán na bpáistí. Murab é go raibh sise ansin is éadóiche go mbeadh an máistir in ann na hainmneacha a chur sa leabhar an lá sin, nó níor chuala na páistí sloinne ar bith riamh á thabhairt orthu, ach ainm baiste a n-athar nó a máthar a chur lena n-ainm féin. Ní raibh ciall acu do shloinne ar bith eile.

Shuigh an máistir ag tábla sa cheann uachtarach den teach, agus chroith sé ar an ghasúr a ba chónagaraí dó a theacht chun tosaigh. Rinne an gasúr sin, agus dúirt:

‘Doiminic Fheargail Mhóir is ainm domh.’

‘Dominick O’Donnell is ainm dó i mBéarla’, arsa Gráinne.

Scríobh an máistir an t-ainm Béarla sa rolla.

Cailín beag a tháinig chuig an tábla ar an dara duine, agus dúirt sí gur Sábha Eoin Shéarlais a hainm.

‘Suffy Duffy a hainm’, arsa Gráinne.

Gasúr arís a tháinig chun tosaigh ar an tríú duine, agus dúirt sé gur Séimí Mháire Duibhe ab ainm dó.

‘James Sweeney a ainm’, arsa Gráinne.

Tháinig cailín beag eile ansin ar an cheathrú duine, agus dúirt sí nár chuala sí d’ainm riamh uirthi ach Úna Mháire Bige.

‘Unity Gallagher’, arsa Gráinne.

Leanadh don Ghaeilge agus don Bhéarla ar an dóigh sin go dtí go raibh deireadh na n-ainmneacha sa rolla ag an mháistir, agus uimhir dó féin le gach ainm acu...

...Nuair a ligeadh cead a gcinn leis na páistí an tráthnóna sin, ba acu a bhí an t-ábhar cainte. Agus bhí an t-ábhar cainte céanna acu nuair a bhain siad an baile amach. Ní raibh a fhios acu faoin Rí caidé thug ar Ghráinne Chaitlinne agus an máistir ainm úr a chur ar gach duine acu.

Sliocht as *Gura Slán le m’Óige*, Fionn Mac Cumhaill (Oifig an tSoláthair: 1967).
Le caoinchead ón nGúm.